An Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann
Suirbhé ar Leitheadúlacht Drugaí 2002/2003: Torthaí maidir leis an Úsáid Támhachán, Suaimhneachán nó Frithdhúlagrán Bullaitín 6
(2007)

NACD
Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

Taighde arna dhéanamh ag:

Choimisiúnaigh an CCND agus an tAonad Faisnéise agus Taighde ar Dhrugaí is Alcól (AFTDA) laistigh den Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí i dTuaisceart Éireann *MORI MRC* leis an staidéar seo a dhéanamh.

Aidhm:

Leitheadúlacht na húsáide drugaí in Éirinn a dhéanamh amach. Cuirtear rátaí leitheadúlachta na húsáide támhachán, suaimhneachán nó frithdhúlagrán i láthair san achoimre seo. Tugtar na torthaí le haghaidh na bhfreagróirí uile (idir aois 15-64), de réir inscne agus aoisghrúpa – daoine fásta óga (15-34) agus daoine fásta atá níos sine (35-64) le haghaidh úsáide ar bhonn saoil, le bliain anuas agus le mí anuas.

Modh:

Rinneadh suirbhé ar shampla ionadaíoch (8,434) daoine idir 15-64 bliana d'aois i dTuaisceart Éireann (3,516) agus in Éirinn (4,918) agus na treoirlínte ón Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí *(EMCDDA)* á leanúint. Tugadh ceistneoirí agus an agallóireacht duine-le-duine á n-úsáid i dtithe príobháideacha idir Deireadh Fómhair 2002 agus Aibreán 2003. Cuireadh ceisteanna ar fhreagróirí faoi na drugaí seo agus iad san aon cheist amháin, .i. ar úsáid tú támhacháin, suaimhneacháin nó frithdhúlagráin riamh? Soláthraíodh liosta samplaí do na daoine a bhí faoi agallamh agus tugadh cuireadh dóibh freagra 'd'úsáid' nó 'níor úsáid' a thabhairt. Níor iarradh orthu cén druga a bhí i gceist a ainmniú as féin (m.sh. támhacháin nó suaimhneasáin), mar sin ní féidir linn ach an fhaisnéis seo a thuairisciú mar ghrúpa drugaí agus ní de réir gach druga ina aonar.

Príomhthorthaí:

- Ba mhó seans go dtuairisceodh daoine fásta a bhí níos sine an úsáid támhachán, suaimhneachán nó frithdhúlagrán ar bhonn saoil (16%) ná daoine fásta óga (8%) agus bhí sé a thrí oiread níos dóichí go dtuairisceoidís gur úsáid siad le mí anuas iad
- Thuairiscigh freagróirí baineannacha rátaí leitheadúlachta níos airde ná fir trasna gach tréimhse ama
- Ba é meánaois (aois mheánach) na chéad úsáide le haghaidh gach duine fásta ná 30 bliain ach, nuair a scrúdaíodh sin de réir inscne, ba dhóichí go dtuairisceodh fir gurb é 28 bliana aois na chéad úsáide agus mná 30 bliana d'aois
- Thóg tromlach na n-úsáideoirí reatha (úsáid le mí anuas) – 81% – na drugaí seo go laethúil nó beagnach go laethúil
- Fuair formhór na ndaoine a d'úsáid támhacháin, suaimhneacháin nó frithdhúlagráin le mí anuas iad ar oideas (95%)
- Thuairiscigh 84% de dhaoine fásta óga go bhfuair siad na drugaí seo ar oideas agus thuairiscigh 8% díobh go bhfuair siad iad ó dhuine a raibh aithne acu air
- Thóg 98% d'úsáideoirí reatha na drugaí seo i gcruth taibléid
- Thuairiscigh 2% gur insteall siad támhacháin, suaimhneacháin nó frithdhúlagráin
- Thuairiscigh freagróirí a bhí scartha, colscartha nó ina mbaintreacha nó baintreacha fir rátaí leitheadúlachta níos airde ná iad siúd a bhí singil (gan a bheith pósta riamh), ina gcónaí in aontíos nó pósta
- Bhí rátaí leitheadúlachta níos airde nasctha le táscairí éagsúla na díothachta ar nós a bheith ag brath ar an Stát go fadtéarmach, gan a bheith i mbun oibre íoctha, leibhéil níos ísle ó thaobh teastas oideachais a baineadh amach, ag fágáil oideachais roimh aois a 15 bliana agus a bheith ina c(h)ónaí i dtithíocht údaráis áitiúil
- Bhí úsáid támhachán, suaimhneachán nó frithdhúlagrán níos airde i dTuaisceart Éireann ná mar a bhí in Éirinn i ngach cás.

Gluais

Támhacháin agus suaimhneasáin

Téarmaí is ea támhacháin agus suaimhneasáin a úsáidtear go coitianta don ghrúpa céanna cógas leighis a shrianaíonn, a mhoillíonn nó a shuaimhníonn an inchinn agus lárchóras na néaróg. Ordaítear na drugaí seo faoi mhaoirseacht lucht leighis agus ní féidir iad a fháil ach ar oideas ó chógaiseoir.

Frithdhúlagráin

Cógais leighis is ea iad seo a úsáidtear chun riochtaí a chóireáil ar nós giúmair ísil nó bhróin, spéis nó pleisiúr i ngníomhaíochtaí laethúla a bheith caillte, tuirse agus fuinneamh a bheith caillte, a dtugtar an Dúlagar orthu de ghnáth. Ordaítear na drugaí seo faoi mhaoirseacht lucht leighis agus ní féidir iad a fháil ach ar oideas ó chógaiseoir.

CCND, 3ú hUrlár, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4
Teil: +353 (0)1 667 0760. Idirlíon: www.nacd.ie rphost: info@nacd.ie